

**N**íl aon tinteán mar do thinteán féin', a mhaíonn an seanfhocal agus de bharr na himirce éigeantaí, b'fhéidir, ar éigean má tá cine ar bith a chur friotal fileata chomh minic sin ar an bhfonn abhaile a bhí orthu leis na hÉireannaigh. Ó 'Trasna na dTonnta' go 'Baile Shéamuis Dhuibh' is a bhfuil d'iarrachtaí maoithneacha eatartha istigh (*'The Banks', 'The Offaly Rover'*), níl contae ar bith nach bhfuil duan maíte amháin ar a laghad aige. Agus is fada siar a théann a bpréamhacha: siar go Naomh Donatus ar a dheoraíocht ar an Mór-Roinn san 8ú haois a scríobh: 'Oileán faoi shéan i gcéin san iarthar tá'.

'Sé *'The Lake Isle of Innisfree'*, de chuid Yeats an sampla is cáiliúla de leagan fileata an 20ú haois den seánra seo, agus toise breise curtha le bunchloch na rómánsaíochta ann: fonn éalaithe ó ghalar mór meitifisiciúil an 20ú haois: coimhthíos na cathrach.

**D**éantar codarsnacht dhrámatúil idir muintearas an bhaile agus coimhthíos seo na cathrach sa liric chumasach seo. Ón gcéad líne amach tá sé lán de ealain na filíochta. 'Gheobhaidh mise faoiseamh' — sin ráiteas. 'Faoiseamh a gheobhadsa' — sin filíocht, óir tá 'brí' agus mothú breise in ord agus béim na bhfocal.

'Faoiseamh' seachas 'saibhreas' nó 'pléisiúr' atá á chur in iúl in ord na bhfocal agus rud pearsanta seachas maíomh ginearálta, faoi mar a bheadh i bhfógra turasóireachta atá i gceist leis an iarmhír threise '—sa'. Caint ealaonta atá in úsáid ag an bhfile anseo leis an phráinn phearsanta a iompar, reitric go bhfuil blas níos láidre de chanúint na Mumhan uirthi ná mar atá de chanúint dúchais an Direánaigh.

Tá déchiall álann sa dara líne: 'sé sin gur sos beag seachtaire, nó mar sin, atá i gceist: é sin, nó: nach fada anois uaidh an sos sin. Pé ciall acu é, agus tharlódh gurb é an dá cheann acu le chéile é, cuir-

## Scolaíocht Ardteist, cursa 2006

### Faoiseamh a Gheobhadsa

le Máirtín Ó Direáin

á bhreithniú ag Tadhg Ó Dushláine

eann siad le mothú na luaineachta, ar cuid lárnach den choimhthíos é. Tá muintearas líne a trí i gcodarsnacht ghlan leis seo. 'Dá mbeinnse i mo sheasamh i gceartlár mo dhaoine d'imeodh an aois díom is bheinn arís óg', a dúirt an filefadó agus tá an muintearas céanna i gceist anseo: bheith i measc do mhuintire is ea bheith istigh leat féin. Cuireann líne a ceathair leis seo — tagann *'The Lake Isle of Innisfree'* chun cuimhne, macalla de Thír na nÓg, oileán mar a bhfuil gach aoinne slán.

#### Faoiseamh a gheobhadsa

Seal beag gairid  
I measc mo dhaoine  
Ar Oileán Mara,  
Ag siúl cois cladaigh  
Maidin is tráthnóna  
Ó Luan go Satharn  
    Thiar ag baile

Faoiseamh a gheobhadsa  
Seal beag gairid  
I measc mo dhaoine,  
Ó chrá croí,  
Ó bhuaire aigne,  
Ó uaigneas duairc,  
Ó chaoint ghontach  
    Thiar ag baile.

Máirtín Ó Direáin,  
Dánta 1939 – 1979,  
An Clóchomhar Títa. Ich. 19

naimh ar bhrí na beatha agus ar an mbás. Saoirse ó sclábháiocht na hoibre atá i gceist sa chéad líne eile — fad a bhíonn gach aoinne eile ag briseadh a dtónacha ag obair sna cathracha beidh sé féin ar an téar sa bhaile.

Dar ndóigh, is pictiúr idéalach é sin agus déantar beachtú ar pharaiméadair an fhaoisimh agus na saoirse sin sa dara véarsa agus níl aon déchiall an uair seo le líne a dó: an faoiseamh sin i measc a mhuintire sa chéad véarsa, soiléirítear anois gur faoiseamh sealadach é ón saol gruama, duairc, doicheallach a mairimid ann — saol glan difriúil ó ghealgháire na hóige, saol áiféiseach gan bhrí, gan chairde, gan chomhrá. Tá bathos truamhileach sa charnadh 'Ó'Ó'Ó' a thugann spadántacht chlabhsúr *'The Waste Land'* T.S. Eliot chun cuimhne: *'This is the way the world goes'* Agus seasann an líne dheireanach amach go maorga mar oileán mara, faoi mar a bheadh sé ag cur in aghaidh an liosta coimhthíoch san ar fad, agus é ina léas dóchais ag an bhfile, agus againn go léir, i lár chuilithe an tsaoil.

Níl bunchleite isteach ná barr-chleite amach anseo ach é chomh foirfe le *'La Gioconda'* le Da Vinci nó 'Grianbhláth' Van Gough.

**T**á ciall mheitifisiciúil laistiar den tírdhreach i líne a cúig faoi mar atá sa soinéad cáiliúil sin de chuid Shakespeare: *'Like as the waves make towards the pebbled shore'*. Tá sainchiall leis an amchlár sa chéad líne eile chomh maith: is ionann 'maidin is tráthnóna' agus 'eírí agus luí na gréine', is é sin, tréimhsí mach-

**AN SIOPA LEABHAR**

**6 SRÁID FHEARCHAIR  
BÁC 2**

**FÓN: 01 478 3814**

**FACS: 01 478 5428**

**ANSIOPALEABHAR@EIRCOM.NET**